



Uimhir 41 de 2014

AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH AGUS PINSEAN (UIMH. 2), 2014

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míithe
2. Méideanna sochair linbh
3. Measúnú acmhainne le haghaidh íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora
4. Leasú ar Acht na bPinsean, 1990
5. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua

[Uimh. 41.] *An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2014.* [2014.]

NA hACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

Acht na bPinsean, 1990 (Uimh. 25)
Achtanna na bPinsean, 1990 go 2014
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 (Uimh. 21)
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 2011 (Uimh. 37)
An tAcht Leasa Shóisialaigh, 2012 (Uimh. 43)
Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh
An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2013 (Uimh. 49)
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsean, 2006 (Uimh. 5)



Uimhir 41 de 2014

AN tACHT LEASA SHÓISIALAIGH AGUS PINSEAN (UIMH. 2), 2014

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú na nAchtanna Leasa Shóisialaigh; do leasú Acht na bPinsean, 1990; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[25 Nollaig 2014]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Mínithe

1. San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 2012” an tAcht Leasa Shóisialaigh, 2012;

ciallaíonn “an Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.

Méideanna sochair linbh

2. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 221—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (a leasaíodh le halt 8 d’Acht 2012):

“(1) Faoi réir an Achta seo, íocfar sochar míosúil €135 le duine cáilithe i leith gach linbh cháilithe.”,

agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2) (a leasaíodh le halt 17 den Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006 agus le Sceideal 3 a ghabhann leis an Acht sin):

“(2) D’ainneoin aon ní sa Chuid seo, is é an sochar míosúil is iníoctha le duine cáilithe i leith leanbh cáilithe a saolaíodh—

(a) in ilbhreith 2 leanbh, a bhfanann 2 díobh cáilithe, 150 faoin gcéad den mhéid a shonraítear i bhfo-alt (1), nó

(b) in ilbhreith 3 leanbh nó níos mó—

A.2 [Uimh. 41.] *An tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2014.* [2014.]

- (i) a bhfanann 3 ar a laghad díobh cáilithe, 200 faoin gcéad den mhéid a shonraítear i bhfo-alt (1),
- (ii) a bhfanann 2 ar a laghad díobh cáilithe, 150 faoin gcéad den mhéid a shonraítear i bhfo-alt (1), nó
- (iii) a bhfanann duine amháin díobh cáilithe, suim a bheidh iníoctha de réir an mhéid a shonraítear i bhfo-alt (1).”,

agus

(b) i Sceideal 4, trí Chuid 4 (a leasaíodh le halt 8 d’Acht 2012) a aisghairm.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh an 1 Eanáir 2015.

Measúnú acmhainne le haghaidh íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora

3. Leasaítear Riail 1(4) (a leasaíodh le halt 11 den Acht Leasa Shóisialaigh, 2011) de Chuid 5 de Sceideal 3 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

- (a) i bhfomhír (a), trí “faoi réir na míre seo,” a chur in ionad “faoi réir fhomhír (b),”,
- (b) i bhfomhír (c), trí “de bhreis ar an méid sin, agus” a chur in ionad “de bhreis ar an méid sin,”,
- (c) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (d):

“(d) le linn an tuilleamh seachtainiúil a ríomh chun críocha fhomhír (a) d’aon tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2014 nó dá éis, déanfar neamhshuim de mhéid €90 mar aon le leath an tuillimh sheachtainiúil de bhreis ar an méid sin;”,

agus

(d) trí fhomhíreanna (e) agus (f) a scriosadh.

Leasú ar Acht na bPinsean, 1990

4. Leasaítear Acht na bPinsean, 1990 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 48A (a cuireadh isteach le halt 10 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2013):

“An tAire Airgeadais d’íoc airgid i leith dliteanais a fhabhróidh faoi scéimeanna iomchuí áirithe

48B. (1) Féadfaidh an tAire Airgeadais, ar iarraidh a fháil ón Aire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, airgead a íoc le duine ceadaithe chun go n-urscaoilfidh an duine ceadaithe dliteanais scéime pinsean cáilithe, dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar scéim pinsean cháilithe.

(2) Féadfaidh an tAire Airgeadais, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, duine a údarú chun bheith ina dhuine ceadaithe nó ina duine ceadaithe chun críocha an ailt seo.

- (3) Déanfar an t-airgead dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a theastóidh ón Aire Airgeadais chun íocaíocht a dhéanamh faoin bhfo-alt sin a íoc as an bPríomh-Chiste nó as a thoradh fáis.
- (4) San alt seo—
- ciallaíonn ‘duine ceadaithe’ duine arna údarú nó arna húdarú faoi fho-alt (2);
- ciallaíonn ‘scéim pinsean cháilithe’ scéim iomchuí i gcás gurb é an 25 Eanáir 2007 nó dá éis ach dáta roimh an 25 Nollaig 2013 dáta foirceanta na scéime agus ar ina leith—
- (a) a bheidh an fostóir a bheidh rannpháirteach sa scéim iomchuí, nó i gcás go mbeidh breis agus fostóir amháin rannpháirteach sa scéim sin, a bheidh na fostóirí uile a bheidh rannpháirteach sa scéim, ar dháta an fhoirceanta, dócmhainneach chun críocha an Achta um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984, agus
- (b) nach leor acmhainní na scéime iomchuí chun dliteanais na scéime a urscaoileadh, go hiomlán nó go páirteach, i leith—
- (i) 50 faoin gcéad de na sochair a shonraítear i mír 1 den Tríú Sceideal do na daoine sin, nó i leith na ndaoine sin, a bhí, ar dháta foirceanta na scéime, laistigh de na hearnálacha dá dtagraítear sa mhír sin, a mhéid nach mbeidh na sochair sin arna n-urscaoileadh cheana féin, agus
- (ii) 50 faoin gcéad de na sochair a shonraítear i míreanna 2, 3 agus 4 den Tríú Sceideal do na comhaltaí sin den scéim, nó i leith na gcomhaltaí sin den scéim, a bhí, ar dháta foirceanta na scéime, laistigh de na hearnálacha dá dtagraítear sna míreanna sin, a mhéid nach mbeidh na sochair sin arna n-urscaoileadh cheana féin.
- (5) Aon tagairt do ‘dáta éifeachtach an deimhnithe’ sa Tríú Sceideal, déanfar, a mhéid a bhaineann sí le scéim pinsean cháilithe, í a fhorléiriú mar thagairt do dháta foirceanta na scéime pinsean cáilithe lena mbaineann, fara aon mhodhnuithe is gá.”.

Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua

5. (1) Féadfar an tAcht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2014 a ghairm den Acht seo.
- (2) Forléireofar na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus an tAcht seo (seachas *alt 4*) le chéile mar aon Acht amháin.
- (3) Forléireofar Acht na bPinsean, 1990 go 2014 agus *alt 4* le chéile mar aon Acht amháin agus folóidh an comhlua “Achtanna na bPinsean, 1990 go 2014” an t-alt sin.

